Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'eolas fíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an eolas a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

Bronn 10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann.
Marcáil gach ceist a triaileadh agus bronn marc ar na deich gceist a fuair na marcanna is airde.
Gan grádú ar bith.

| | |
|---|---|
| C.1 (i) B **2m**<br>**C**<br>A **2m**<br>D **2m**<br><br>(ii) Caladónach **1m**<br>Armarcach **1m** | C.7 (i) Caisleán **2m**<br>(ii) Tearmann Dúlra **2m**<br>(iii) 1.8 – 2.2 (km) **2m**<br>(iv) 10-12 ($km^2$) **2m** |
| C.2 (i) B **1m** (ii) Oighreach **1m**<br>A **1m** Abhann **1m**<br>D **1m** Oighreach **1m**<br>C **1m** Carstach **1m** | C.8 (i) Bréagach **1m**<br>(ii) Bréagach **1m**<br>(iii) Fíor **1m**<br>(iv) Bréagach **1m**<br>(v) Fíor **1m**<br>(vi) Fíor **1m**<br>(vii) Bréagach **1m**<br>(viii) Fíor **1m** |
| C.3 (i) D **1m**<br>A **1m**<br>C **1m**<br>B **1m**<br><br>(ii) Próiseas bailí ar bith **2m**<br>(iii) Gradhana **2m** | C.9 B Lár tulra **2m**<br>C Talamh láir ar chlé **2m**<br>D An lár **2m**<br>E Lár cúlra **2m** |
| C.4 (i) D **1m** (ii) Ceimiceach **1m**<br>A **1m** Ceimiceach **1m**<br>B **1m** Fis/Meic **1m**<br>C **1m** Fis/Meic **1m** | C.10 (i) Cúige Uladh **2m**<br>(ii) Bréagach **2m**<br>(iii) Lagraigh **2m**<br>(iv) Isihiaití **2m** |
| C.5 Boirinn **1m**<br>Machaire Thuaisceart na hEorpa **1m**<br>An Vallúin **1m**<br>Rotterdam **1m**<br>Département Pas-de-Calais **1m**<br>Comhairle Contae Phort Láirge **1m**<br>An Domhan Ioslamach **1m**<br>Réigiún Measartha Aigéanach **1m** | C.11 (i) Réigiún na Teorann **2m**<br>(ii) An tIarthar **2m**<br>(iii) Baile Átha Cliath **1m**<br>An Lár-Oirthear **1m**<br>(iv) Míniúchán bailí **1+1m** |
| C.6 (i) Srutharlú abhann **1m**<br>V-ghleann nó Lúb abhann **1m**<br>Ardchlár **1m**<br>Lúb abhann **1m**<br>(ii) Siar ó thuaidh **2m**<br>(iii) Dhá phatrún bhailí **1+1m** | C.12 (i) 2,022,895 **2m**<br>(ii) 18,981 **2m**<br>(iii) 6.3 (%) **2m**<br>(iv) Dhá chúis bhailí **1+1m** |

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(80 marc)**

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid (80 marc)**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

| PÁTRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH |
|---|
| **Ceist 1 go 3** |
| Freagair ceist **AMHÁIN** |

## Ceist 1

### 1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireacht Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Limistéar an Taiscumair siar ó Dhroichead na Laoi (Lee Bridge)
- Cúrsa Abhainn na Laoi ó W 250 667 go W 314 709
- An limistéar iomlán talún os cionn 200 méadar i gCill na Martra
- An limistéar iomlán d'fhoraois bhuaircíneach ag W 25 66.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na Sracléarscáile | 4 mharc (4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann: | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Lipéad 1 mharc |

- Caithfear imlíne sracléarscáile a tharraingt go dtí leathscála. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm]. Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ní bhronntar marcanna ach as ainmniú.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an sceitse nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triaileadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as ainmniú.
- Is féidir an sceitse a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

**1B. Gníomhaíocht Bholcánach**

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag gníomhaíocht bholcánach ar fhorbairt thírdhreach na hÉireann agus tagairt agat do **gach ceann** acu seo a leanas:

- Gnéithe ionsáite
- Gnéithe easbhrúite.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdú le tagairt do ghnéithe ionsáite | 7/8 x PSÁ |
| Scrúdú le tagairt do ghnéithe easbhrúite | 7/8 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as gné ionsáite ainmnithe amháin agus gné easbhrúite ainmnithe amháin do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla de thírdhreach Éireannach (ionsáite) ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla de thírdhreach Éireannach (easbhrúite) ón scrúdú.
- Uasmhéid 8 x PSÁ má dhéantar an scrúdú ar thionchar na gníomhaíochta bolcánaí le tagairt do ghnéithe ionsáite nó easbhrúite amháin.
- An cheist ceangailte le tírdhreach na hÉireann.
- 1 x PSÁ ar a mhéad as míniúchán ar ghnéithe ionsáite agus 1 x PSÁ ar a mhéad as míniúchán ar ghnéithe easbhrúite más rud é nach bhfuil baint ag an scrúdú le tírdhreach na hÉireann.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ maidir le gnéithe ionsáite agus 1 x PSÁ maidir le gnéithe easbhrúite.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 1 x PSÁ ar a mhéad ar an iomlán. Caithfidh gur eolas é seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.

## 1C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Bíonn tionchar ag gníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.
Scrúdaigh an ráiteas seo agus tagairt agat do cheann **amháin** acu seo a leanas:

- An tionchar a bhíonn ag bearta rialaithe tuilte ar phróisis abhann
- An tionchar a bhíonn ag bearta cosanta cósta ar phróisis chósta
- An tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí an duine ar phróisis ollghluaiseachta.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar an bpróiseas aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar ar phróisis aitheanta do 1 x PSÁ. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as dhá shampla a ainmnítear do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur eolas é seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.
- Mura ndéantar ach cur síos ar ghníomhaíocht an duine gan aon tagairt don tionchar ar phróisis dromchla: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.

## Ceist 2

### 2A. Coigeartú go dtí an Bonnleibhéal




Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Mínigh go hachomair **dhá** chúis a dtarlaíonn athnuachan abhann.

(ii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *scorphointe*.

(iii) Ainmnigh **dhá** ghné d'athnuachan abhann nach dtaispeántar sa léaráid thuas.

(iv) Cé mhéad uair a tharla athnuachan abhann sa léaráid thuas?

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Cúis 1 mínithe | 2 + 2 mharc |
| | Cúis 2 mínithe | 2 + 2 mharc |
| (ii) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Dhá ghné ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Faoi dhó | 4 mharc |

**2B.** **Síonchaitheamh Ceimiceach**

Agus léaráid(í) lipéadaithe mar chúnamh agat, mínigh an tslí ar chruthaigh síonchaitheamh ceimiceach ceann **amháin** acu seo a leanas:

- An tírdhreach carstach an dromchla **nó**
- An tírdhreach carstach faoi thalamh.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Léaráid lipéadaithe | 4 mharc (4/0) |
| Míniú | 13 x PSÁ |

- ➢ Tugtar creidiúint as próiseas an tsíonchaithimh cheimicigh a ainmniú do 1 x PSÁ ón míniú. Tá míniúchán le tabhairt ar an uile phróiseas sa bhreis orthu sin.
- ➢ Tugtar creidiúint as tírghné amháin ainmnithe do 1 x PSÁ ón míniú
- ➢ Tugtar creidiúint as sampla amháin ainmnithe ón míniú do 1 x PSÁ
- ➢ Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- ➢ Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 1 x PSÁ. Caithfidh gur eolas é seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- ➢ Mura ndéantar ach cur síos ar shíonchaitheamh ceimiceach gan aon tagairt do chruthú an dromchla ná an tírdhreacha charstaigh faoi thalamh: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- ➢ Má thugtar míniú ar ghnéithe dromchla agus faoi thalamh, marcáil an dá rud astu féin agus bronn an marc is airde.
- ➢ Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.

**2C.** **An Timthriall Teicteonach**

Scrúdaigh an tslí a gcabhraíonn an timthrialla theicteonaigh le dáileadh domhanda ceann **amháin** acu seo a leanas a mhíniú:

- Bolcáin
- Creathanna talún
- Fillsléibhte.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tagairt do dháileadh domhanda | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- ➢ Tugtar creidiúint as tagairt don timthriall teicteonach 1 x PSÁ ón scrúdú.
- ➢ Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- ➢ Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- ➢ Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur eolas é seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- ➢ Mura bhfuil aon tagairt don tslí a gcabhraíonn an timthriall theicteonach le dáileadh domhanda bolcán, creathanna talún nó fillsléibhte a mhíniú: uasmhéid 2 x PSÁ.

## Ceist 3

### 3A. Timthriall na gCarraigeacha




Scrúdaigh an léaráid de thimthriall na gcarraigeacha thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas

(i) Ainmnigh an chatagóir carraige a fhoirmítear ag **A** agus an chatagóir carraige a fhoirmítear ag **B**.

(ii) Ainmnigh an chatagóir carraige a fhoirmítear ag **C** agus ainmnigh áit **amháin** ar leith in Éirinn ina bhfuil an charraig seo le fáil.

(iii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *litiú*.

(iv) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *carraig phlútónach*.

(v) Mínigh go hachomair conas a athraíonn *meiteamorfacht theirmeach* **nó** *meiteamorfacht réigiúnach* carraigeacha.

**[20m]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | **A** | Bruthcharraig | 2 mharc |
| | **B** | Carraig Dhríodair | 2 mharc |
| (ii) | **C** | Carraig Mheiteamorfach | 2 mharc |
| | | Áit amháin in Éirinn | 2 mharc |
| (iii) | Míniúchán bailí | | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Míniúchán bailí | | 2 + 2 mharc |
| (v) | Míniúchán bailí | | 2 + 2 mharc |

**3B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Scrúdaigh an tslí a dtéann **próisis chreimthe** i bhfeidhm ar fhoirmiú tírghné abhann, tírghné cósta **nó** tírghné oighrí **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

| | |
|---|---|
| Próiseas an chreimthe ainmnithe | 2 mharc |
| Tírghné ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara próiseas creimthe ainmnithe do 1 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh maidir le gach tagairt eile do phróisis chreimthe.
- Tugtar creidiúint as sampla amháin ainmnithe ón scrúdú do 1 x PSÁ.
- Is é bunphointe na ceiste an tionchar a bhíonn ag an bpróiseas creimthe ar fhoirmiú tírghné amháin. Míniú ar phróisis an tsil-leagain = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur eolas é seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Mura ndéantar ach cur síos ar tírghné gan aon tagairt don fhoirmiú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.

**Nó**

(ii) Déan cur síos ar na **tosca a rialaíonn feidhmiú** próiseas ollghluaiseachta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air agus mínigh na tosca sin.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Próiseas ollghluaiseachta ainmnithe | 2 mharc |
| Tosca a shonrú | 2 + 2 mharc |
| Cur Síos/Míniú ar phróiseas | 12 x PSÁ |

- Tá cur síos/míniúchán de dhíth maidir le gach toisc sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla de láthair ó chur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur eolas é seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar an ollghluaiseacht gan aon tagairt do thosca lena rialaítear a hoibríocht.

**3C. Gníomhaíocht Sheismeach**

Mínigh an tslí ar féidir gníomhaíocht sheismeach a thuar agus a cuid iarmhairtí a laghdú.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tagairt do ghníomhaíocht sheismeach a thuar | 2 mharc |
| Tagairt d'iarmhairtí na gníomhaíochta seismí a laghdú | 2 mharc |
| Míniú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint don dara tagairt do ghníomhaíocht sheismeach a thuar do 1 x PSÁ. Ní mór gach tagairt eile a mhíniú.
- Tugtar creidiúint don dara tagairt d'iarmhairtí gníomhaíochta seismí a laghdú do 1 x PSÁ. Ní mór gach tagairt eile a mhíniú.
- Tugtar creidiúint as tagairt do ghníomhaíocht sheismeach do 1 x PSÁ ón míniú
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur eolas é seo nár tugadh cheana sa chuntas scríofa.
- Glac le léirmhíniú leathan ar ghníomhaíocht sheismeach a thuar agus iarmhairtí na gníomhaíochta seismí a laghdú.
- Mura dtugtar ach tuar nó mura mínítear ach iarmhairtí a laghdú: 7 x PSÁ ar a mhéad.

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

### 4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann acu seo a leanas:

- Cúrsa abhann ainmnithe sa réigiún seo
- Imchruth gné ainmnithe rilífe (ar thalamh ard nó ar thalamh íseal) sa réigiún seo
- **Dhá** lárionad uirbeacha ainmnithe sa réigiún seo.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na léarscáile | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 2 mharc (grádaithe 2/1/0)<br>Ainmnithe 2 mharc |

- Ná glactar le léarscáil imchrutha de réigiún Éireannach ná Eorpach.
- Glactar le lárionad uirbeach de chineál bailí ar bith is cuma faoin méid.
- Is féidir an léarscáil imchrutha a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.
- Ní mór ainmneacha a scríobh ar shracléarscáil nó in eochair.
- Marcanna creidiúna as na gnéithe riachtanacha a ainmniú má tá na hainmneacha bailí agus ceart fiú mura dtaispeántar na gnéithe nó má thaispeántar go mícheart iad.
- I gcás go dtaispeántar gnéithe ach nach n-ainmnítear i gceart iad nó mura n-ainmnítear in aon chor iad, 0m as taispeáint agus 0m as ainmniú.

**4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach – Réigiún san Eoraip**

Tabhair míniú ar fhorbairt gníomhaíocht gheilleagrach threasach **amháin** i réigiún **Eorpach** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdú | 15 x PSÁ |

- Tosca creidmheasa a théann i bhfeidhm ar fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí treasaí do 2 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as dhá shampla shonracha de ghníomhaíochtaí geilleagracha treasacha do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- Ná glactar ach le scrúdú ar ghníomhaíocht gheilleagrach threasach amháin (iompar, turasóireacht, seirbhísí airgeadais, etc.). Má scrúdaítear níos mó ná gníomhaíocht gheilleagrach threasach amháin, marcáil astu féin iad agus bronn an marc is airde.
- Ná glactar le scrúdú ar réigiúin de chuid na hÉireann ná ar réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an ngníomhaíocht gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Glac le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.

**4C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Phríomhúil – Réigiún in Éirinn**

Scrúdaigh na tosca fisiceacha a théann i bhfeidhm ar fhorbairt gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil **amháin** i réigiún **in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca fisiciúla aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as dhá shampla shonracha de ghníomhaíochtaí geilleagracha príomhúla do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Ná glactar ach le scrúdú ar aon ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil amháin (e.g. talmhaíocht, foraoiseacht, iascaireacht nó mianadóireacht). Is féidir foraoiseacht a scrúdú mar ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil amháin nó féadfaidh sí bheith mar chuid de scrúdú ar thalmhaíocht.
- Má scrúdaítear níos mó ná gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil amháin, marcáil astu féin iad agus bronn an marc is airde.
- Ná glactar ach le scrúdú ar thionchar na dtosca fisiciúla ar fhorbairt na gníomhaíochta príomhúla.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an ngníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil gan aon tagairt do na tosca fisiciúla a bhfuil tionchar acu ar a forbairt: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ná glactar le scrúdú ar réigiúin Eorpach ná réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

## Ceist 5

### 5A. Taisteal Thar Lear

Taisteal Thar Lear – Turais go hÉirinn agus Turais as Éirinn

| Bliain | Turais Thar Lear ag Daoine a chónaíonn in Éirinn | Turais go hÉirinn | Turais go hÉirinn de réir Limistéir Chónaithe | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | An Bhreatain Mhór | An chuid eile den Eoraip | Meiriceá Thuaidh | Limistéir Eile |
| 2008 | 7,901,500 | 7,839,800 | 3,866,000 | 2,616,700 | 1,007,900 | 349,200 |
| 2009 | 7,066,900 | 6,963,600 | 3,274,900 | 2,402,300 | 979,500 | 306,900 |
| 2011 | 6,280,400 | 6,500,200 | 2,867,200 | 2,279,600 | 995,400 | 358,000 |
| 2013 | 6,298,800 | 6,974,700 | 2,917,400 | 2,465,800 | 1,158,600 | 432,900 |
| 2015 | 6,965,000 | 8,636,600 | 3,554,400 | 3,040,500 | 1,503,300 | 538,400 |

Curtha in oiriúint ó staitisticí na POS

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann líon na dturas go hÉirinn agus líon na dturas as Éirinn i mblianta roghnaithe agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén bhliain a raibh líon na dturas go hÉirinn níos airde den chéad uair ná líon na dturas thar lear ag daoine a raibh cónaí orthu in Éirinn?

(ii) Cén limistéar cónaithe as ar tháinig an líon ab airde turas go hÉirinn i ngach ceann de na blianta roghnaithe? Tabhair **dhá** chúis leis sin.

(iii) Cén treocht a bhí i líon na dturas thar lear ag daoine a raibh cónaí orthu in Éirinn idir 2013 agus 2015? Tabhair cúis **amháin** leis an treocht seo.

(iv) Mínigh go hachomair **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar an taisteal thar lear.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 2011 | 2 mharc |
| (ii) | An Bhreatain Mhór | 2 mharc |
| | Dhá chúis luaite | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Ag méadú | 2 mharc |
| | Cúis luaite | 2 mharc |
| (iv) | Toisc 1 mínithe | 2 + 2 mharc |
| | Toisc 2 mínithe | 2 + 2 mharc |

## 5B. Dáileadh Daonra – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach

Tabhair míniú ar dháileadh an daonra i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdú | 15 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as dhá láthair a ainmnítear laistigh den réigiún do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as tagairt do thosca a bhfuil tionchar acu ar dháileadh daonra do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- Ná glactar le scrúdú ar réigiúin de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar dháileadh daonra gan aon mhíniú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

## 5C. An tAontas Eorpach

Mínigh **gach ceann** de na dúshláin a leanas atá roimh bhallstáit an Aontais Eorpaigh san am i láthair:

- Dúshláin shóisialta
- Dúshláin eacnamaíochta.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Dúshlán sóisialta aitheanta | 2 mharc |
| Míniú ar dhúshláin shóisialta | 6/7 x PSÁ |
| Dúshlán eacnamaíochta aitheanta | 2 mharc |
| Míniú ar dhúshláin eacnamaíochta | 6/7 x PSÁ |

- Mura mínítear ach dúshláin shóisialta nó gheilleagracha: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Is féidir an freagra a bhunú ar bhallstát amháin, cúpla ballstát, an AE i gcoitinne nó meascán díobh.

## Ceist 6

### 6A. Daonra an Aontais Eorpaigh



Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an chairt thuas a thaispeánann struchtúr aoise dhaonra an Aontais Eorpaigh (28 an AE) in 2002 agus 2015 agus struchtúr aoise réamh-mheasta an daonra do 2020 agus 2030 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ríomh **X**, an céatadán de dhaonra an AE (28) idir 20 agus 64 bliain d'aois in 2015.

(ii) Cén t-aoisghrúpa a mheastar a mhéadóidh an céatadán den daonra beagnach faoi dhó inti ó 2002 go 2030? Tabhair cúis **amháin** leis an méadú réamh-mheasta seo.

(iii) Cén **dá** aoisghrúpa a mheastar a dtiocfaidh meath ar an gcéatadán den daonra iontu ó 2002 go 2030?

(iv) Tabhair míniú achomair ar **dhá** dhúshlán a bhaineann leis an meath réamh-mheasta ar an gcéadtadán den daonra sa dá aoisghrúpa seo.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | **X** 60.3 (%) | 4 mharc |
| (ii) | 80 (bliain) nó os a chionn | 2 mharc |
| | Cúis amháin luaite | 2 mharc |
| (iii) | 0-19 (bliain) & 20 go 64 (bliain) | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Míniúchán ar dhúshlán a haon | 2 + 2 mharc |
| | Míniúchán ar dhúshlán a dó | 2 + 2 mharc |

**6B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Scrúdaigh an fhorbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air, agus tagairt agat do **dhá** cheann de na tosca a leanas:

- Margaí
- Infreastruchtúr
- Beartas an rialtais
- Amhábhair.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdú ar thoisc 1 | 8 x PSÁ |
| Scrúdú ar thoisc 2 | 7 x PSÁ |

- ➢ Tugtar creidiúint as dhá shampla shonracha de ghníomhaíochtaí geilleagracha tánaisteacha do 2 x PSÁ ón scrúdú.
- ➢ Ná glactar le scrúdú ar réigiúin de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- ➢ Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- ➢ Mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí tánaistí: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- ➢ Mura ndéantar scrúdú ach ar thoisc amháin: 8 x PSÁ ar a mhéad.
- ➢ Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.
- ➢ Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

**6C. Coincheap an Réigiúin**

Mínigh **trí** dhifríocht idir tréithe na lár-réigiún agus tréithe na réigiún imeallach, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Lár-réigiún ainmnithe | 2 mharc |
| Réigiún imeallach ainmnithe | 2 mharc |
| Trí dhifríocht mínithe | 13 x PSÁ (5/4/4 x PSÁ) |

- ➢ Mura dtugtar ach cur síos a chineál amháin nó an dá chineál réigiún gan aon difríochtaí mínithe 2 x PSÁ ar a mhéad.
- ➢ Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil nach bhfuil sa chuntas scríofa cheana féin, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- ➢ D'fhéadfadh gur difríochtaí geilleagracha, sóisialta, comhshaoil, fisiciúla, etc. iad.
- ➢ Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Táirgeadh Fuinnimh**

Meascán Giniúna an Leictreachais san ECFE in 2015 (%)

| Foinse Leictreachais | 2015 |
|---|---|
| Hidrea-chumhacht | 14% |
| Fuinneamh núicléach | 18% |
| Gás | 26% |
| Gual | 30% |
| Ola | 2% |
| Eile | 10% |

Curtha in oiriúint ó www.iea.org

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann meascán giniúna an leictreachais san Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) in 2015 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

**[16m]**

| | Barrachairt | Píchairt |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1 + 1 mharc (Ciorcal agus Láraithe) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír a léiriú | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) |

- Glactar le haon ghraf / chairt oiriúnach.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a bheith sa teideal d'ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc grádaithe i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

(ii) Mínigh go hachomair buntáiste amháin a bhaineann le foinsí fuinnimh seachas breoslaí iontaise a úsáid.

**[4m]**

Míniú bailí 2 + 2 mharc

**7B. Suíomh Gníomhaíochta Geilleagraí**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Mínigh **dhá** chúis a roghnódh cuideachta ilnáisiúnta lonnú sa limistéar ar an léarscáil **agus** cúis **amháin** a roghnódh cuideachta ilnáisiúnta gan lonnú sa limistéar seo.

Úsáid fianaise as léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis mar thaca le gach cúis díobh.

**[30m]**

3 chúis @ 10 marc an ceann.

| | | |
|---|---|---|
| As gach cúis: | Cúis luaite | 2 mharc |
| | Fianaise na léarscáile | 2 mharc |
| | Míniú | 3 x PSÁ |

- Caithfidh dhá chúis plé leis an gcúis a roghnódh cuideachta ilnáisiúnta lonnú sa limistéar ar an léarscáil agus cúis amháin a roghnódh sí gan lonnú sa limistéar seo.
- Glac le dhá chúis ar iompar ar a mhéad.
- I gcás go mínítear níos mó ná trí chúis, marcáil iad ar fad agus bronn an marc is airde.
- Má úsáidtear aerfótagraf, ná ceadaigh marcanna as cúiseanna a lua ach má tá siad bailí agus ábhartha don léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis.

**7C. Coilíneachas**

Scrúdaigh na dúshláin atá ann de bharr an choilíneachais agus atá roimh gheilleagar i mbun forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Dúshláin aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Geilleagair i mbun forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú | 12 x PSÁ |

- Tá scrúdú le déanamh ar an uile dhúshlán sa bhreis orthu sin.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar i mbéal forbartha ainmnithe: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Is é bunphointe na ceiste na dúshláin atá roimh gheilleagar i mbun forbartha mar thoradh ar an gcoilíneachas.
- Mura ndéantar ach cur síos ar choilíneachas gan aon tagairt do na dúshláin atá roimh gheilleagar i mbun forbartha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar gheilleagar i mbun forbartha gan aon tagairt do na dúshláin atá roimhe mar gheall ar an gcoilíneachas: 2 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 8

### 8A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.
Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An limistéar faoi fhoirgnimh i Maigh Chromtha
- Cúrsa iomlán an bhóthair R584
- Cúrsa iomlán an bhóthair N22
- Líne tharchuir leictreachais.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na Sracléarscáile | 4 mharc (4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann: | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0) |
| | Lipéad 1 mharc |

- Caithfear imlíne sracléarscáile a tharraingt go dtí leathscála. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm]. Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ní bhronntar marcanna ach as ainmniú.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an sceitse nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triaileadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as ainmniú.
- Is féidir an tsracléarscáil a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

**8B. Cuideachta Ilnáisiúnta agus an Domhandú**

Scrúdaigh an tslí a dtéann an domhandú i bhfeidhm ar an trádáil dhomhanda agus tagairt agat d'fheidhmiú cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cuideachta Ilnáisiúnta ainmnithe | 2 mharc |
| Tionchar an domhandaithe ar thrádáil dhomhanda aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar aitheanta do 1 x PSÁ. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Plé nach bhfuil ceangal ann le cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe: 2 PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar chuideachta ilnáisiúnta gan aon mhíniú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní gá don chuideachta ilnáisiúnta a bheith bunaithe in Éirinn. Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.

**8C. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Tionchar ar an Timpeallacht**

Déan plé ar conas is féidir tionchar na gníomhaíochta geilleagraí ar an timpeallacht a rialú le cur chuige inbhuanaithe i leith na forbartha.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdú | 15 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as dhá shampla de chur chuige inbhuanaithe i leith na forbartha ón scrúdú do 2 x PSÁ.
- Scrúdú ar thionchar gníomhaíochta geilleagraí ar an timpeallacht gan tagairt do chur chuige inbhuanaithe i leith na forbartha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Scrúdú ar chur chuige inbhuanaithe i leith na forbartha gan tagairt do thionchar na gníomhaíochta geilleagraí ar an timpeallacht: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- D'fhéadfadh go mbeadh i gceist le gníomhaíocht gheilleagrach tagairt do ghníomhaíochta gheilleagrach amháin e.g. príomhúil, tánaisteach nó treasach nó aon mheascán de na gníomhaíochtaí seo.

## Ceist 9

### 9A. Trádáil Idirnáisiúnta




Scrúdaigh an graf thuas a thaispeánann eolas a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta seirbhísí in 2015 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén **dá** thír a raibh an luach ab airde ar a gcuid seirbhísí easpórtáilte?

(ii) Ríomh an difríocht idir luach na seirbhísí a easpórtáladh ón tSín agus luach na seirbhísí a easpórtáladh ó na Stáit Aontaithe (ina $SAM).

(iii) Ainmnigh **dhá** thír a raibh barrachas trádála acu.

(iv) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le heasnamh sa trádáil.

(v) Ainmnigh **dhá** sheirbhís a easpórtáiltear ó Éirinn.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Ríocht Aontaithe | 2 + 2 mharc |
| (ii) | ($) 400 billiún | 4 mharc **nó** |
| | ($) 400 | 2 mharc |
| (iii) | Dhá thír ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Míniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Dhá sheirbhís ainmnithe | 2 + 2 mharc |

**9B. Gníomhaíocht Gheilleagrach i nGeilleagar Forbartha**

Scrúdaigh forbairt ceann **amháin** acu seo a leanas agus tagairt agat do gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déata agat air:

- Tionscail gan chuing
- Seirbhísí airgeadais
- Ollturasóireacht.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Geilleagair forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla den ghníomhaíocht ón scrúdú.
- Scrúdú nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar forbartha ainmnithe: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Scrúdú ar gheilleagar i mbéal forbartha 0 marc
- Má scrúdaítear níos mó ná geilleagar forbartha amháin, marcáil astu féin iad agus bronn an marc is airde.
- Mura ndéantar ach cur síos ar an ngníomhaíocht gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta: 2 x PSÁ ar a mhéad.

**9C. Beartas an Aontais Eorpaigh**

Scrúdaigh an tslí a dtéann beartas an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar an bhforbairt réigiúnach in Éirinn.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar an bhforbairt réigiúnach aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar aitheanta do 1 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as tagairt do bheartas an Aontais Eorpaigh do 1 x PSÁ. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thagairt do bheartais sa bhreis orthu sin.
- Scrúdú nach bhfuil tagairt ann do bheartas an Aontais Eorpaigh: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar bheartas gan aon tagairt d'fhorbairt réigiúnach: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.
- D'fhéadfadh gur tionchair gheilleagracha, shóisialta, comhshaoil, etc. iad.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**10A. Aerfótagraf**

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An abhainn
- Páirc spóirt mhór
- An gréasán triantánach sráideanna sa lár
- Foirgneamh eaglasta sa lár ar chlé.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na Sracléarscáile | 4 mharc (4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Léirithe 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Ainmnithe 1 mharc |

- ➢ Is gá imlíne na sracléarscáile a tharraingt leath den fhad agus leath den leithead. Is iad na toisí a theastaíonn ná 14.2 cm faoi 9.25 cm ach ceadaigh difríocht de 0.5 cm ar gach taobh. Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil.
- ➢ Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ní bhronntar marcanna ach as ainmniú.
- ➢ Má úsáidtear léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis in ionad Aerfótagraf = 0 marc.
- ➢ Caithfear lipéad a chur ar na gnéithe ar an sceitse nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- ➢ Ní mór gur triaileadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as ainmniú.
- ➢ Is féidir an tsracléarscáil a tharraingt sa fhreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

**10B. Dinimic Daonra**

Scrúdaigh an tslí a dtéann athrú ar na rátaí torthúlachta agus ar na rátaí básmhaireachta i bhfeidhm ar struchtúr an daonra agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar athraithe ar na rátaí torthúlachta aitheanta | 2 mharc |
| Tionchar athraithe ar na rátaí básmhaireachta aitheanta | 2 mharc |
| Sampla den áit a dtarlaíonn na tionchair | 2 mharc |
| Cur síos/Míniú | 12 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara sampla ainmnithe faoin áit a dtarlaíonn tionchair do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tá béim na ceiste ar thionchar an athraithe ar na rátaí torthúlachta agus básmhaireachta.
- Plé ar an athrú ar na rátaí torthúlachta agus básmhaireachta gan aon tagairt don tionchar ar struchtúr an daonra: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- 6 x PSÁ ar a mhéad mura mbíonn ann ach plé ar an athrú ar na rátaí torthúlachta agus básmhaireachta amháin.

**10C. Saincheisteanna Uirbeacha**

Déan plé ar **dhá** ceann ar bith de na saincheisteanna a leanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar fhás lonnaíochtaí uirbeacha:

- Ceisteanna a bhaineann leis an oidhreacht
- Ceisteanna pleanála
- Ceisteanna comhshaoil.


**[30m]**

| | |
|---|---|
| Plé ar Shaincheist 1 | 7/8 x PSÁ |
| Plé ar Shaincheist 2 | 7/8 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as saincheist 1 a aithint.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as saincheist 2 a aithint.
- Creidiúint 1 x PSÁ as sampla ainmnithe de lonnaíocht uirbeach.

## Ceist 11

### 11A. Imirce in Éirinn




Scrúdaigh graf na himirce in Éirinn thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén bhliain ina raibh líon na n-inimirceach cothrom le líon na n-eisimirceach?

(ii) Cathain a sháraigh an inimirce an eisimirce de bhreis agus 100,000 duine?

(iii) Cé mhéad bliain ina raibh an eisimirce níos mó ná an inimirce?

(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** ar tháinig meath ar an inimirce idir 2007 agus 2010.

(v) Mínigh go hachomair an téarma *imirce ghlan*.

(vi) Ainmnigh **dhá** bhac ar an imirce.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 2009 | 2 mharc |
| (ii) | 2007 | 2 mharc |
| (iii) | Sé | 4 mharc |
| (iv) | Míniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Míniúchán bailí | 2 + 2 mharc |
| (vi) | Dhá bhac ainmnithe | 2 + 2 mharc |

**11B. Talamhúsáid Uirbeach**

Tabhair cur síos agus míniú ar na limistéir talamhúsáide i gcathair ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Criosanna talamhúsáide aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Cathair ainmnithe | 2 mharc |
| Cur síos/Míniú | 12 x PSÁ |

- Teastaíonn cur síos/míniú ar aon chriosanna talamhúsáide breise a aithnítear.
- Cur síos/míniú nach ndéantar tagairt ann do chathair ainmnithe nó a thugtar le fios go soiléir: marcanna creidiúna as criosanna talamhúsáide amháin a aithint. Níl aon mharcanna ar fáil as cur síos/míniú.
- Is féidir le tagairt do chathair bheith ina chathair ainmnithe nó ina cuid ar leith de chathair ainmnithe.
- Gan ach cur síos/míniú ar chrios talamhúsáide amháin: 6 x PSÁ ar a mhéad.

**11C. Dinimic Daonra**

Scrúdaigh an tslí a dtéann **aon** cheann ar bith de na tosca a leanas i bhfeidhm ar leibhéil an fháis sa daonra agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Forbairt acmhainní
- Leibhéil ioncaim
- Sochaí agus cultúr
- Teicneolaíocht.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar an bhfás sa daonra aitheanta | 2 mharc |
| Sampla de láthair | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar aitheanta do 1 x PSÁ.
- Ní mór gach tionchar eile a scrúdú.
- Tugtar creidiúint as an dara sampla de láthair do 1 x PSÁ.
- Plé nach bhfuil tagairt ann don tionchar ar an bhfás sa daonra: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

## Ceist 12

### 12A. Dinimic Daonra

Daonra na tuaithe (% den daonra iomlán)

| Réigiún | 1960 | 2015 |
|---|---|---|
| Éire | 54% | 37% |
| An tSeapáin | 37% | 7% |
| Na Stáit Aontaithe | 30% | 18% |

Curtha in oiriúint ón mBanc Domhanda

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann daonra na tuaithe mar chéatadán den daonra iomlán i réigiúin roghnaithe i 1960 agus in 2015.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

**[16m]**

| | **Barrachairt** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1 + 1 mharc (Ciorcal agus Láraithe) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír a léiriú | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) |

- Glactar le haon ghraf / chairt oiriúnach.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a bheith sa teideal d’ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc grádaithe i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

(ii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** leis an treocht i ndaonra na tuaithe a léirítear sa tábla thuas.

**[4m]**

Míniú bailí 2 + 2 mharc

**12B. Imirce**

Scrúdaigh an tslí ar féidir le ceisteanna eitneacha agus reiligiúnacha teacht chun cinn mar thoradh ar an imirce.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Ceist eitneachais a shonrú | 2 mharc |
| Ceist reiligiúin a shonrú | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 12 x PSÁ |

- Tá scrúdúchán riachtanach i gcás gach saincheiste sa bhreis orthu sin a shonraítear
- Tugtar creidiúint as sampla ainmnithe i gcás go mbíonn saincheisteanna ann ón scrúdú do 1 x PSÁ.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar shaincheisteanna eitneacha nó reiligiúnacha amháin: 6 x PSÁ ar a mhéad.
- Plé nach bhfuil tagairt ann d'imirce: 2 x PSÁ ar a mhéad
- Plé nach bhfuil tagairt ann do shaincheisteanna eitneacha nó reiligiúnacha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Glac le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar na saincheisteanna.

**12C. Forbairt Uirbeach**

Freagair an cheist seo a leanas agus fianaise ón aerfótagraf **NÓ** ón léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis á húsáid agat mar thaca le do fhreagra. Ná bíodh tagairt agat don dá cheann díobh.

Mínigh **trí** chúis ar fhorbair baile Mhaigh Chromtha sa suíomh ina bhfuil sé inniu.

**[30m]**

Trí chúis @ 10 marc an ceann

I gcás gach cúise:

| | |
|---|---|
| Cúis luaite | 2 mharc |
| Aerfótagraf **NÓ** fianaise i leith na léarscáile OS | 2 mharc |
| Scrúdú | 3 x PSÁ |

- Ná glactar le níos mó ná dhá chúis a bhaineann le modhanna éagsúla iompair.
- Má úsáidtear an léarscáil Suirbhéireacht Ordanáis agus aerfótagraf marcáil astu féin iad agus bronn an marc is airde.

## ROINN 3 – ROGHAONAID

## Ceist 13 go 24

Freagair ceist **AMHÁIN**

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

# Ceisteanna 13 – 24

**Scéim Mharcála Imlíne agus tuairiscíní marcála maidir le Comhleanúnachas Ginearálta**

**Scéim Mharcála Imlíne:**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| As gach gné: | | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

**Tuairiscíní Marcála maidir le Comhleanúnachas Ginearálta:**

Agus marcanna á mbronnadh as Comhleanúnachas Ginearálta, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh agus leanfaidh sé nó sí na tuairiscíní marcála a leanas:

| ***Comhleanúnachas Ginearálta (20 marc)** | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | **20** | Cumas den scoth chun eolas a cheangal leis an gceist. Freagra cuimsitheach sármhaith ina léirítear mioneolas ar an ábhar. |
| An-mhaith | **17** | Cumas maith chun eolas a cheangal leis an gceist. Freagra an-mhaith ag léiriú eolas an-fhairsing ar an ábhar. |
| Go Maith | **14** | Cumas réasúnta chun eolas a cheangal go cuí leis an gceist. Freagra maith ina dtugtar faisnéis fhónta. Eolas fairsing ar an ábhar curtha in iúl. |
| Measartha | **10** | Roinnt iarrachta déanta an t-eolas a cheangal leis an gceist a chuirtear. Roinnt faisnéis ábhartha tugtha ach ní leor mar a cuireadh an fhaisnéis i bhfeidhm ar an gceist. |
| Lag | **6** | Is gur fíortheoranta a gabhadh i ngleic leis an gceist a cuireadh. Sonraíodh roinnt faisnéis ábhartha. |
| Olc | **0** | Níor freagraíodh an cheist a cuireadh agus tá freagra neamhábhartha ar an mórgóir dá bharr. |

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Bealach chun fás geilleagrach a nascadh le forbairt dhaonna is ea cumhachtú daoine.
Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat do **thrí** cinn ar bith acu seo a leanas:

- Fiachas náisiúnta
- Cláir chúnaimh
- Patrúin in úinéireacht na talún
- Róil inscne dhifriúla sa tsochaí.

**[80m]**

| | |
|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann |
| As gach gné: | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ |
| | |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* |

- ➢ Is é bunphointe na ceiste an bealach chun fás geilleagrach a nascadh le forbairt dhaonna is ea cumhachtú daoine.
- ➢ Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- ➢ Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**14.** Pléigh cúiseanna agus iarmhairtí ceist timpeallachta dhomhanda **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| As gach gné: | | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| | | |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- ➢ Is é bunphointe na ceiste cúiseanna agus iarmhairtí ceist timpeallachta dhomhanda aitheanta.
- ➢ Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- ➢ Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- ➢ Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**15.** Scrúdaigh an méid is féidir leis an trádáil chóir cur leis an bhforbairt inbhuanaithe.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| As gach gné: | | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an méid is féidir leis an trádáil chóir cur leis an bhforbairt inbhuanaithe.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Déan plé ar an tionchar a bhíonn ag **trí** cinn ar bith de na tosca a leanas ar fhorbairt ithreacha:

- Ábhar mianrach
- Aer
- Uisce
- Ábhar orgánach.

**[80m]**

| | |
|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann |
| As gach gné: | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ |
| | |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an chaoi a mbíonn tionchar ag tosca ainmnithe ar fhorbairt ithreach.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**17.** Déan plé ar na slite dearfacha agus diúltacha ar féidir le gníomhaíocht an duine dul i bhfeidhm ar thréithe na hithreach.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| As gach gné: | | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| | | |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an na slite dearfacha agus diúltacha ar féidir le gníomhaíocht an duine dul i bhfeidhm ar thréithe na hithreach.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**18.** Scrúdaigh an tslí a ndeachaigh **gach ceann** de na gníomhaíochtaí seo a leanas i bhfeidhm ar bhithóim:

- Leagan na bhforaoisí trópaiceacha báistí
- Dianchleachtais talmhaíochta
- Forbairt na tionsclaíochta.

**[80m]**

| | |
|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann |
| As gach gné: | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ |
| | |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an chaoi a dtéann gníomhaíochtaí daonna i bhfeidhm ar bhithóim.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Is féidir an freagra a bhunú ar níos mó na bithóim amháin.

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Is féidir le coimhlintí teacht chun cinn idir struchtúir pholaitiúla agus grúpaí cultúir. Déan plé air sin.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| As gach gné: | | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| | | |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste na coimhlintí is féidir teacht chun cinn idir struchtúir pholaitiúla agus grúpaí cultúir.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**20.** Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le teanga mar tháscaire cultúir.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| As gach gné: | | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| | | |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an tábhacht a bhaineann le teanga mar tháscaire cultúir.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**21.** Scrúdaigh an tslí a gcuireann daoine a gcultúr agus a n-ionannas in iúl sa saol laethúil.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| As gach gné: | | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| | | |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an tslí a gcuireann daoine a gcultúr agus a n-ionannas in iúl sa saol laethúil.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

# Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Scrúdaigh an tslí a dtagann córais shainiúla aimsire agus aeráide chun cinn mar thoradh ar mhalartú uisce idir na haigéin agus an t-atmaisféar.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| As gach gné: | | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an tslí a dtagann córais shainiúla aimsire agus aeráide chun cinn mar thoradh ar mhalartú uisce idir na haigéin agus an t-atmaisféar.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**23.** Tabhair cuntas ar an tslí a dtomhaistear feiniméin i gcomhshaol an atmaisféir agus na n-aigéan (e.g. an brú, an teocht, an ghaoth agus an bogthaise) agus scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le tomhais mar seo.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| As gach gné: | | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an chaoi a dtomhaistear feiniméin i gcomhshaol an atmaisféir agus na n-aigéan agus an tábhacht a bhaineann le tomhais mar seo.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**24.** Tabhair cur síos agus míniú ar na saintréithe a bhaineann le cineál **amháin** d'aeráid dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[80m]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| As gach gné: | | |
| Gné a aithnítear | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste na saintréithe ar leith a bhaineann le haeráid dhomhanda amháin.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

# Fiosrúchán Tíreolaíochta

**Léigh an tuarascáil iomlán sula gcuireann tú tús leis an marcáil chun dul i dtaithí ar an bhfiosrúchán ar fad.**

Ní ghlactar le ráitis shimplí. Cáilíocht ag teastáil.

**1. RÉAMHRÁ** 5 mharc:

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta/Cloí leis an bhfad a leagadh síos: | 1 mharc |

- Ní mór baint a bheith ag na haidhmeanna leis an imscrúdú agus ní mór dóibh a bheith sonrach agus cáilithe.

**2. PLEANÁIL** 5 mharc:

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta/Cloí leis an bhfad a leagadh síos: | 1 mharc |

- Eolas riachtanach agus modhanna bailithe a aithint.
- Ní mór tagairt shonrach a dhéanamh d'athbhreithniú.
- Ní mór gach ráiteas a bheith cáilithe e.g. trealamh cleachtaidh cá háit/conas/cén fáth?
- Obair a dhéanann an múinteoir ina (h)aonar = 0 marc

**3.** **BAILIÚ EOLAIS** 40 marc:

Dhá mhodh / thasc @ 20 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach modha / taisc: | 9 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta/Cloí leis an bhfad a leagadh síos: | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |

- Caithfidh cuid an bhailiúcháin a bheith bunaithe ar ghníomhaíocht. Pléitear sa roinn seo le tuairisciú ar an gcaoi ar tugadh faoin mbailiú. Ba cheart go mbeadh cur síos ann ar na gníomhaíochtaí a rinneadh.
- Is féidir glacadh mar mhodh le tasc arb ionann é agus grúpa de ghníomhaíochtaí cónasctha a bhaineann le hábhar. Ní mór tascanna/modhanna a thuairisciú i gcomhthéacs na n-aidhmeanna luaite.
- Is féidir le foinsí tánaisteacha faisnéise sonraí príomhúla a chruthú.
- Ní leor ráitis shimplí e.g. Chonaic mé na gnéithe, Thaifead mé na gnéithe, thaifead mé na torthaí, Sceitseáil mé an tírghné etc. Ní mór an ráiteas a cháiliú ar bhealach éigin m.sh. conas/cá háit.
- Is féidir creidiúint a thabhairt as léaráidí/sracléaráidí má léiríonn siad gníomhaíocht an bhailithe. PSÁ amháin in aghaidh an taisc/mhodha as sracléaráidí/léaráidí lipéadaithe atá tarraingthe go maith, néata, ábhartha agus atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus a léiríonn próiseas an bhailithe.
- Féadfar PSÁ amháin eile in aghaidh an taisc/mhodha a bhronnadh i gcás ina bhfuil faisnéis bhreise ar shracléaráid (nach bhfuil sa chuid scríofa).
- Ní mór sracléaráidí/léaráidí a bheith ar na leathanaigh oiriúnacha i gcuid an bhailithe.
- Ná tugtar marcanna as torthaí sa chuid scríofa seo.
- Is marc foriomlán é comhleanúnachas a bhronntar as ábharthacht na hoibre sa chuid seo leis na haidhmeanna luaite.

**4. TORTHAÍ, TÁTAIL, LUACHÁIL** 30 marc:

Trí theideal @ 8 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach teidil: | 4 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta/Cloí leis an bhfad a leagadh síos: | 6 mharc ghrádaithe (6/4/2/0) |

- Ná bronntar marcanna as Torthaí / Tátail / Luacháil ach amháin má tá siad sa chuid chuí den leabhrán tuairiscithe.
- Ní mór Torthaí / Tátail / Luacháil a bheith nasctha le haidhmeanna agus nasctha le gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích i gcuid an bhailithe faisnéise (Cuid 3).
- Is féidir torthaí a bhaint as cairteacha/táblaí ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí.
- Bunaítear tátail go díreach nó go hindíreach ar na torthaí; luacháil atá ann sa chás nach mar sin a dhéantar.
- Níl tátail nasctha le toradh sonrach ach caithfidh siad a bheith ábhartha do na tascanna a cuireadh i gcrích i gCuid 3.
- Ba cheart ard-ord smaointeoireachta a léiriú sna luachálacha agus ba cheart raon téamaí a bheith iontu. Ba cheart go mbeadh baint acu leis na haidhmeanna i gCuid 1 agus leis na tascanna a cuireadh i gcrích i gCuid 3. Ní mór dóibh a bheith sonrach agus cáilithe.
- Is féidir luacháil a dhéanamh i leith a bhfuil i ndán chomh maith leis an am atá caite.
- Ná tabhair marc dúbailte d'fhaisnéis a bhaineann le saincheisteanna a luaitear i gCuid 3.

**5. EAGRÚ AGUS CUR I LÁTHAIR NA dTORTHAÍ** 20 marc:

| | |
|---|---|
| Cur i láthair: | 8 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |

- Ní mór na torthaí a chur i láthair ar dhá bhealach dhifriúla e.g. graif, cairt, léarscáil, tábla, sracléaráid, etc.
- Ní mór na torthaí a chur i láthair ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí i gCuid 4 den leabhrán tuairiscithe.
- 4 PSÁ ar a mhéad in aghaidh mhodh an chuir i láthair.
- Is ionann an Comhleanúnachas Ginearálta agus caighdeán agus soiléire an chuir i láthair. Faightear 4 mharc as an gcur i láthair foriomlán. Ní féidir marcanna as Comhleanúnachas Ginearálta a bhronnadh mura bhfuil ach modh amháin le feiceáil sa chur i láthair

## BRISEADH SÍOS AR NA MARCANNA DON CHUR I LÁTHAIR

**BARRACHAIRT / TREOGHRAF / SCAIPGHRAF etc.:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach | 2 mharc |
| Ais amháin agus aonaid nó scála breactha uirthi: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá phointe / bharra tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 PSÁ = 4 mharc |

**PÍCHAIRT:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Ciorcal agus an lárphointe go cruinn ann: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá réimse tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 PSÁ = 4 mharc |

**TÁBLA RANGORDAITHE / TÁBLA:**

**Tábla Ilsraitheanna / Ilcholún**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Bosca: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Sraitheanna / Colúin x 2 lipéadaithe: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

**Tábla le Sraith / Colún Aonair**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Bosca: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Sraith / Colún lipéadaithe: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Faisnéis ábhartha: | 1 x PSÁ = 2 mharc |

**SRACLÉARÁID / LÉARSCÁIL:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Fráma: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Dhá mhír faisnéise a bhaineann le hábhar na dtorthaí: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

## Aguisín 1

## Liosta na dTopaicí Fiosrúcháin sa Tíreolaíocht in 2017

1. Truailliú. Staidéar áitiúil.

2. Tionchar na talamhúsáide ar phatrúin tráchta.

3. Staidéar ar an imirce agus ar a tionchar ar an daonra i suíomh tuaithe nó cathrach.

4. Tionchar gníomhaíocht eacnamaíochta **amháin** ar cheantar áitiúil ó thaobh na heacnamaíochta agus an chomhshaoil de.

5. Staidéar ar an ngeolaíocht i gceantar áitiúil agus ar a tionchar ar fhorbairt an tírdhreacha.

6. Fiosrúchán ar thionchar phróiseas/phróisis an iompair agus/nó an tsil-leagain ar fhoirmiú tírghné oighreach, abhann nó cósta **amháin**.

**Aguisín 2**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Fiosrúchán Tíreolaíochta – Ná cuirtear san áireamh san iomlán le haghaidh marcanna breise

Tabhair faoi deara: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi scrúdpháipéar mionathraithe.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán